Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)**

**13445/22**

**ENT 139
MI 733
ENV 1003
DELACT 179**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 12077/22 + ADD 1 - C(2022) 6046 final |
| Ábhar: | Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún an 30.8.2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655 a mhéid a bhaineann le hoiriúnú na bhforálacha maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí truailleán gásach ó innill dócháin inmheánaigh inseirbhíse atá suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é chun innill ag a bhfuil cumhacht níos lú ná 56 kW agus os cionn 560 kW a chur san áireamh<br>– Rún gan agóid a dhéanamh |

1. An 30 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún an dréachtrialachán tarmligthe thuasluaite faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir le hAirteagail 19(2) agus 60(3) de Rialachán (AE) 2016/1628[1].

2. An 2 Meán Fómhair 2022, iarradh ar na toscaireachtaí a léiriú faoin 4 Deireadh Fómhair 2022 go bhféadfaidís cur i gcoinne an dréachtralacháin tharmligthe, mar a leagtar amach in 12077/22 +ADD1 é.

[1] Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 53). – leagan comhdhlúite is déanaí 17/7/2022

3. Sa chás nach gcuireann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle i gcoinne na mbeart atá beartaithe ag an gCoimisiún, glacfaidh an Coimisiún an dréachtrialachán tarmligthe i ndiaidh an 30 Deireadh Fómhair 2022. Níl aon bharúil tugtha ag aon toscaireacht, agus níor tharraing aon toscaireacht fhorais anuas le cur ina choinne.

4. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a dhearbhú, mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, nach bhfuiltear ag cur i gcoinne an dréachtrialacháin tharmligthe, mar a leagtar amach in 12077/22 + ADD 1 é.